

☘ An Lúibín ☘

31 Iúil 2010

Meáchan an airgid

The Irish government is spending money on Irish abroad but cutting it at home.

Sa bhliain 2006, díreach roimh an Phráinn Airgeadais, chaith Rialtas na hÉireann €609,893 chun múineadh na Gaeilge a spreagadh thar lear. Bheifeá ag súil le laghdú agus staid an gheilleagair chomh dona sin anois. A mhalairt a tharla: i mbliana bhí beagnach milliún euró le fáil.

Dáileadh an t-airgead ar ollscoileanna sna Stáit, sa Ghearmáin, i bPoblacht na Seice, sa tSualainn, san Astráil agus fiú sa tSín. Ach ba iad Coimisiún Fulbright agus Fundúireacht Ollscoile na hÉireann agus Cheanada a fuair an chuid is mó den airgead. Cuidíonn Coimisiún Fulbright le hoidí cúnta Gaeilge a chur anonn chun ollscoileanna i Meiriceá agus le mic léinn Mheiriceánacha a thabhairt chun na hÉireann.

An t-airgead infheistíochta a thabharfar don Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta tá an rialtas lena laghdú ó €105 milliún i mbliana go dtí €30 milliún sa bhliain 2016. Bheadh a rian sin ar Údarás na Gaeltachta. Tá coiste tar éis straitéis teanga an rialtais a scrúdú, agus deir siad go raibh an-tábhacht fós leis na seirbhísí a chuireann an tÚdarás ar fáil. Dúirt Pádraig Ó hAoláin, príomhfheidhmeannach an Údaráis, go gcuirfí an eagraíocht ó mhaith ar fad dá mbainfí an oiread sin airgid den Roinn.

De réir mar a dúirt cathaoirleach an choiste, ní bheadh an teanga féin beo gan an Ghaeltacht a bheith ann beo agus nach foláir poist áitiúla a sholáthar dá bharr. Argóint í seo nach gcuireann san áireamh go bhfuil fás i ndán don teanga sna cathracha, cé go moltar go dtabharfaí aitheantas oifigiúil do 'mhion-Ghaeltachtaí' ar fud na tíre. Moltar freisin nach gcuirfí beartas an dátheangachais i bhfeidhm sa Ghaeltacht agus go ndéanfaí foras reachtúil den Chomhairle um Oideachas Gaeltacht agus Gaelscolaíochta.



Daonscoil na Mumhan 2010

An annual Munster assembly approaches, coloured by an older world.

Tá Daonscoil na Mumhan buailte linn - seachtain de léachtaí agus d'ímeachtaí a bhíonn ar siúl i gColáiste na Rinne i Rinn Ó gCuanach sna Déise gach Lúnasa. Bíonn tarraingt uirthi, go fiú ón Astráil. Beidh sí ar siúl idir 14 agus 21 Lúnasa, agus *Eachtraí san Oideachas* mar théama aige.

Thosaigh sí sa bhliain 1952, nuair a chuimhnigh Pádraig Ó hÍceadha, feirmeoir áitiúil, uirthi mar thionól seachtaine do Ghaeilgeoirí. Chuidigh Conradh na Gaeilge leis, agus bhí Pádraig Ó hÍceadha mar Stiúrthóir na Daonscoile ó 1953 go 1999. Ón mbliain 1996 i leith bíonn Daonscoil an Fhómhair i nGuagán Barra in Iarthar Chorcaí. Ócáid sheanfhaiseanta mhacánta í, rud nach gcuirfeadh ionadh ort agus tú ag cuimhneamh ar lucht a bunaithe.

I mbliana beidh an tOllamh Annraoi de Paor ag caint ar 'Edmund Edward Fournier d'Albe: Gaeilgeoir agus Innealtóir Ath-shlánúcháin' agus ar 'Eachtra Mór sa Choláiste Oilíúna i gCathair Phort Láirge'. Beidh an tOllamh Pádraig Ó Macháin ag cur síos ar 'Lios Mór Mochuda Anallód' agus beidh Caoimhe Ní Chuinn ag caint ar theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide sa rang. Tabharfaidh Máire Denvir léacht ar thumadh teanga sa choláiste Gaeilge agus cuirfidh an tOllamh Peadar Cremin

síos ar ‘Árd-Oideachas Caitliceach in Éirinn’. I ndeireadh an seachtaine beidh Nioclás Mac Craith ag caint ar dhul Gaolainne na nDéise.

Cuid shuntasach den Daonscoil riamh an ceol agus an amhránaíocht – den saghas is traidisiúnta, ar ndóigh. Beidh Ann Mulqueen, amhránaí iomráiteach na nDéise, ag múineadh amhránaíocht ar an sean-nós agus beidh céilí ann gach oíche.

Tá breis eolais le fáil ag www.daonscoil.com.



Tuisil, séimhiú agus urú

The Caighdeán reviewed.

Tá an teanga ag athrú agus caithfidh an Caighdeán athrú dá réir. Tá Coiste Stiúrtha ann agus iad ag dianscrúdú an tuisil ghinidigh, iolra an ainmfhocail agus an tuisil thabharthaigh (an méid de atá ann na laethanta seo) mar chuid den dara tréimhse comhairliúcháin ar an gCaighdeán Oifigiúil. Beidh faill agat mar dhuine de phobal na Gaeilge na moltaí a mheas agus do thuairimí féin a sheoladh isteach roimh 27 Lúnasa 2010.

An tAire Pat Carey, fear atá i bhfeighil na teanga le tamall anuas, deir sé go bhféadfadh cuid de na moltaí a bheith radacach go leor (an teanga a chealú ar fad, b’fhéidir!), ach gur mhaith leis díospóireacht neamhbhalbh mhacánta a bheith ann.

Admhaíonn an Coiste go mbeidh difríochtaí ann i gcónaí idir an chaint agus an teanga scríofa ach nach gá go gcuirfeadh sin as do dhuine ar bith. Tá cuid de na moltaí a rinneadh cheana le fáil ar <http://www.pobail.ie/ie/Lar-AonadAistriuchain/AnCheadTreimhseComhairliuchain/>.



Yu Ming is Ainm Dom

Is iomaí duine a chonaic an scannán greannmhar seo (ceann gearr – trí nóiméad déag ar fad – a rinneadh do TG4) faoi Shíneach óg a dhéanann Gaeilge a fhoghlaim agus a thagann go dtí Baile Átha Cliath d’fhonn an teanga a úsáid. Measann daoine, ar ndóigh, gur Sínis atá á labhairt aige.

Mura bhfaca tú cheana é, tá sé fáil anseo:

http://www.atom.com/funny_videos/name_yu_ming/



Clár na Leabhar Gaeilge

Literature in Irish is well buttressed by official support. The literary benefits are unclear.

Is iomaí rud a d’eascair as Foras na Gaeilge. Ceann acu is ea Clár na Leabhar Gaeilge agus é d’aidhm aige ‘scríbhneoireacht, foilsitheoireacht agus léitheoireacht na Gaeilge a chothú’. Bord na Leabhar Gaeilge a chuireadh foilsitheoireacht na Gaeilge chun cinn (bunaíodh é sa bhliain 1952) ach chuaigh Foras na Gaeilge i mbun na hoibre sa bhliain 2008.

Tá Scéim na Foilsitheoireachta agus Scéimeanna Scríbhneoireachta ann anois chuige, agus lucht an Chlair ag féachaint chuige ‘go mbeidh réimse leathan saothair ar ardchaighdeán Gaeilge ar fáil do léitheoirí’. Tá scéimeanna eile ann: Scéim na nOidí agus í ag ligean do scríbhneoirí atá i dtús oibre comhairle a fháil ó scríbhneoirí aitheanta Gaeilge, agus Scéim na gCoimisiún a dháileann airgead chun go soláthar sásúil a dhéanamh i réimsí éagsúla léitheoireachta.

Reachtálann an Clár Gradam Leabhar na Bliana i gcomhar le hOireachtas na Gaeilge, agus tá baint aige le Comórtais Liteartha an Oireachtais, le Comórtas Léirmheastóireachta Oidhreacht Chorca Dhuibhne agus Leabhar Taighde na Bliana Fhoras na Gaeilge/ACIS.

Is casta an trealamh misnithe an méid seo, agus ní shéanfaí nach bhfuil toradh éigin air. Ach an bhfuil litríocht na Gaeilge i riachtanas a leithéide chun bláthú? Tá líon na nGaeilgeoirí ag méadú sna cathracha mar chuid den mheánaicme oilte, dream atá tugtha don scriobláil, agus ní bheidh easpa scríbhneoirí ar an teanga. Tá na foilsitheoirí ann agus na hirísí. Tíocfaidh an litríocht gan chabhair ó mhaorlathagh ná ó scéimeanna.

Ní aon rud nua í pátrúnacht an stáit i gcúrsaí litríochta; ní bheadh aos dána na hÉireann ann fadó murach féile na dtiarnaí. Is é atá ann anois, áfach, maorlathú na cumadóireachta, rud a léiríonn dhá rud – a laghad muiníne atá ag lucht caomhnaithe cultúir i gcumas na Gaeilge mar theanga agus an greim atá ag idé-eolaíocht sheanchaite na hAthbheochana ar intinn an stáit.

Is beag duine a mhaífeadh cúpla pingine breise ar an scríbhneoir é, ach ba cheart, mar sin féin, athscrúdú a dhéanamh ar an aigne oifigiúil a bheartaíonn an oiread sin áiseanna sin le cúnamh a sholáthar san áit nach bhfuil sé ag teastáil. An té atá in ann gaisce scríbhneoireachta a dhéanamh is dócha go ndéanfaidh sé é beag beann ar an gClár: ní bheidh ag teastáil uaidh chuige ach uirlis a cheirde agus foilsitheoir. B'fhiú breis airgid a dháileadh ar na hirísí agus ar na foilsitheoirí, b'fhéidir, agus cead raide a thabhairt dóibh.

Ní aon argóint nua againn é seo. B'fhiú an triail a dhéanamh: gan ach an chuid is lú de 'chúnamh' a thabhairt do lucht na síorscrioblála. Ach ní dhéanfar é.¹



Na Gaeil i Londain: 1700-1900

18th and 19th century London was, in its way, an Irish and even an Irish-speaking city. The Irish language was common in the courts and lanes of Whitechapel and Putney; by 1900 it was being spoken by middle-class members of the Gaelic League – clerks, writers and minor civil servants. And it was London which saw the creation of the first modernist novel in Irish – Ó Conaire's Deoraíocht.

Fánaithe agus sclábhaithe

Bhí Éireannaigh ina gcónaí i Londain mar chuid den phobal chomh luath leis an mbliain 1640 ar a laghad (an chéad bhliain a ndéantar tagairt dóibh ann): sa 16ú haois féin bhí uaisle agus eile eile ar cuairt nó i ngéibheann ann. Rinneadh táin den bheagán de réir a chéile: is cosúil go raibh na mílte ann faoi dheireadh an 18ú haois.

Tá léargas bríomhar ar Ghaeil Londain san 18ú haois in *Lavengro*, úrscéal le George Borrow a bhfuil cuid mhaith dá shaol féin ann. Sasanach ba ea Borrow, scoláire, fánaí agus teangeolaí a rugadh sa bhliain 1803. Saighdiúir ba ea a athair agus leanadh an teaghlach an reisimint ó thír go tír. Chuala an buachaill Gaeilge den chéad uair (más fíor don leabhar) agus é i ndeisceart Thiobraid Árann:

'A strange language that!' said a young officer to my father, 'I don't understand a word of it; what can it be?'

'Irish!' said my father, with a loud voice, 'and a bad language it is, I have known it of old, that is, I have often heard it spoken when I was a guardsman in London. There's one part of London where all the Irish live - at least all the worst of them - and there they hatch their villainies and speak this tongue; it is that which keeps them together and makes them dangerous: I was once sent there to seize a couple of deserters – Irish - who had taken refuge amongst their companions; we found them in what was in my time called a ken, that is a house where

¹ Duine de na scrioblálaithe céanna is ea an té a scríobh seo. Ní bhfuair sé cabhair ó scéim riamh, ach tá sé buíoch de na hirísí Gaeilge.

only thieves and desperadoes are to be found. Knowing on what kind of business I was bound, I had taken with me a sergeant's party; it was well I did so. We found the deserters in a large room, with at least thirty ruffians, horrid-looking fellows, seated about a long table, drinking, swearing, and talking Irish. Ah! we had a tough battle, I remember; the two fellows did nothing, but sat still, thinking it best to be quiet; but the rest, with an ubbubboo like the blowing up of a powder-magazine, sprang up, brandishing their sticks; for these fellows always carry sticks with them even to bed, and not unfrequently spring up in their sleep, striking left and right.'

'And did you take the deserters?' said the officer.

'Yes,' said my father; 'for we formed at the end of the room, and charged with fixed bayonets, which compelled the others to yield notwithstanding their numbers; but the worst was when we got out into the street; the whole district had become alarmed, and hundreds came pouring down upon us - men, women, and children. Women, did I say! - they looked fiends, half naked, with their hair hanging down over their bosoms; they tore up the very pavement to hurl at us, sticks rang about our ears, stones, and Irish - I liked the Irish worst of all, it sounded so horrid, especially as I did not understand it. It's a bad language.'²

Pé drochmheas a bhí ag a athair ar an teanga, chrom an buachaill ar í a fhoghlaim ar an bpointe.

Faoin mbliain 1841 bhí 73,000 daoine i Londain a rugadh in Éirinn - 4% de phobal na cathrach. Thagadh a lán acu mar spailpíní de réir an tséasúir agus iad ag obair sna gáirdíní margaidh timpeall Londan, ag baint prátaí in Poplar nó in West Ham, ina mbuanaithe leannlus agus torthaí in Kent, agus iad ag saothrú glasraí agus bláthanna ó Mortlake go Greenwich. Thagaidís anall chun Bristol nó chun Londan san Earrach agus bhainidís na goirt amach de shiúl na gcos. D'fhillfidís ar Éirinn i Mí Dheireadh Fómhair. Fir ba ea a bhformhór, scata ban agus páistí ina measc agus baint ag an gcuid is mó acu le Contae Chorcaí agus le Cúige Connacht, rud a d'fhágfadh gan dabht gur chainteoirí Gaeilge iad. Thug siad an fhaicseanaíocht anall leo: sa bhliain 1804 bhí cath agus círéib in Poplar idir Muimhnigh agus Connachtaigh.

Ní théadh gach duine abhaile. Uaireanta b'fhusa fanacht i Londain ar feadh an gheimhridh, agus tháinig borradh faoi líon na nÉireannach sna ceantair ba bhoichte - an Rookery in St Giles, áit a raibh timpeall 6,000 duine acu i ndiaidh chogaí Napoléon, Saffron Hill, Whitechapel agus na duganna, áit a raibh timpeall 14,000 Éireannach ina gcónaí. Bhí a lán Éireannach le fáil i slumanna Westminster le hais Great Peter Street, áir ar éiríodh amach i gcoinne na bpóilíní sa bhliain 1822. Chuir Éireannaigh fúthu ag Gray's Inn láimh le Baldwin's Gardens (áit a bhí salach go leor), sa Borough laistiar den Mhionta, in West Ham, in Plaistow agus in Putney. Agus sin gan trácht ar a mbíodh de shaighdiúirí ó Éirinn (agus a lán cainteoirí Gaeilge ina measc) ar lonnú ag Londain.

Chuir Drochshaol na 1840í an t-uafás Éireannach anonn, agus gan aon easpa Gaeilge orthu: sa bhliain 1851 bhí timpeall 109,000 duine i Londain a rugadh in Éirinn. Fuair siad déirc ón Eaglais (cé gurbh annamh ar an Aifreann iad), agus ní raibh fáilte rompu i gcónaí ag na hÉireannaigh a bhí ann cheana; ba chrua an saol é agus níorbh fhearrde an iomaíocht é.

Ba mhinic Éireannaigh ina mbacaigh (ceird arbh fhéidir le cuid acu beatha mhaith a bhaint aisti) agus faoi na 1850í bhí neart acu ina mangairí, ag díol oráistí, cnónna agus eile. Bhí Éireannaigh eile ina sclábhaithe, ag iompar guail, balasta agus adhmaid ag na duganna, ag obair ar an iarnród, ag iompar brící, nó i mbun pábhála agus plástrála. Éireannaigh amháin, beagnach, a bhíodh ag obair mar phoirtéirí ag Covent Garden. Bhí a lán Éireannach ina dtáilliúirí agus cuid eile ina ngréasaithe, iad ag deisiú seanbróg go háirithe.

Cúrsaí comhcheilge, an bóna bán agus an Conradh

² Borrow, George Henry (1900, athchló), *Lavengro; the Scholar, the Gypsy, the Priest*, Macmillan and Co., Project Gutenberg Etext-No. 452, lch 51: http://www.gutenberg.org/catalog/world/readfile?fk_files=233204

Chuaigh cúrsaí in Éirinn i bhfeidhm ar shaol Londan: sna 1860í bhí na Fíníní agus fir chrua an IRB (*Irish Republican Brotherhood*) i mbun comhcheilge i Londain, agus sna 1880í bhí a leithéidí ag baint úsáide as buamaí chun cúis an Rialtais Bhaile a chur chun cinn. Is dócha nár mhéadaigh a leithéid d'obair an geara a bhí ag na Sasanaigh ar Éireannaigh Londan, ach bhí siad siúd agus a sliocht fuaite i saol na cathrach faoin am seo. Faoi dheireadh na haoise ba é Wapping an chuid ba Ghaelaí de Londain; bhí fíorbhlas Cockney ar chaint na glúine ba óige i gceantair an lucht oibre, agus bhí meánaicme tagtha ar an bhfód – polaiteoirí, iriseoirí, múinteoirí agus lucht leighis.

Sna 1870í cuireadh scrúdú iontrála ar bun don státseirbhís, rud a thug deis oibre d'Éireannaigh óga éirimiúla ar mhian leo triail a bhaint as príomhchathair na hImpireachta agus céim ab airde a bhaint amach. B'in iad an dream – feidhmeannaigh phoist, múinteoirí agus mionstátseirbhísigh – is mó a chloígh le Conradh na Gaeilge i Londain. Bhí 3,000 ball ag craobh Londan den Chonradh faoin mbliain 1906 agus ranganna Gaeilge á gcur ar fáil ag an gComhairle Contae. Bhí cúig scoil déag ag an gConradh féin agus ranganna tráthnóna Gaeilge sa Halla Aitéinéach in Tottenham Court Road. Dúradh go raibh a lán daoine ann a raibh fíorbhlas Sasanach ar a gcuid Béarla agus Gaeilge ar a dtail acú. Sa scoileanna Caitliceacha féin bhí Gaeilge á múineadh.

Pádraic Ó Conaire

Thug Pádraic Ó Conaire, scríbhneoir, a chuid Gaeilge chun Londan leis ó Chontae na Gaillimhe sa bhliain 1899 agus fuair post sa Bhord Oideachais. Bhí baint aige leis an gConradh mar a bhí ag a leithéidí eile, agus chuir sé eolas ar shaol na cathrach. D'fhéadfaí a rá gur as Londain a fáisceadh an chéad úrscéal Gaeilge a raibh blas an nua-aoiseachais air: *Deoraíocht*, an saothar is fearr de chuid Uí Chonaire agus leabhar suntasach ann féin.

Le léamh:

- * White, Jerry (2008), *London in the Nineteenth Century: A Human Awful Wonder of God*, Vintage
- * Mayhew, H. (2008, athchló), *London Labour and the London Poor (Wordsworth Classics of World Literature)*, Wordsworth Editions Ltd
- * Davis, Graham (1991), *The Irish in Britain 1815-1914*, Gill and Macmillan
- * De Bhaldráithe, Tomás (eag.) (1956, athchló), *Scothscéalta le Pádraig Ó Conaire*, Sairséal agus Dill (an réamhrá)
- * Féach liosta fóna leabhar ag <http://www.brad.ac.uk/acad/diaspora/guides/brit.shtml>.
- * Suíomh inimirce: <http://www.movinghere.org.uk/galleries/histories/irish/culture/culture.htm>

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to coling.ryan@ato.gov.au.

Meáchan an airgid

Sa bhliain 2006 chaith Rialtas na hÉireann €609,893 chun múineadh na Gaeilge a spreagadh thar lear. I mbliana tá beagnach milliún euró le fáil.

Dáileadh³ an t-airgead ar ollscoileanna sna Stáit, sa Ghearmáin, i bPoblacht na Seice, sa tSualainn, san Astráil agus fiú sa tSín. Ach ba iad Coimisiún Fulbright agus Fundúireacht Ollscoile na hÉireann agus Ceanada a fuair an chuid is mó den airgead. Cuidíonn Coimisiún Fulbright le hoidí cúnta⁴ Gaeilge a chur anonn chun ollscoileanna i Meiriceá agus le mic léinn a thabhairt chun na hÉireann ó Mheiriceá.

Tá an rialtas chun laghdú mór a dhéanamh, áfach, ar an airgead a thugtar⁵ do Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta. Bheadh a rian sin ar Údarás na Gaeltachta. Tá coiste tar éis straitéis teanga an rialtais a scrúdú, agus deir siad go raibh an-tábhacht fós leis na seirbhísí a chuireann an tÚdarás ar fáil. Moltar⁶ freisin go dtabharfaí aitheantas oifigiúil do ‘mhionGhaeltachtaí’ ar fud na tíre.

Daonscoil na Mumhan 2010

Tá Daonscoil na Mumhan ag teacht - seachtain de léachtaí agus d’imeachtaí a bhíonn ar siúl i Rinn Ó gCuanach sna Déise gach Lúnasa. Beidh sí ar siúl idir 14 agus 21 Lúnasa, agus *Eachtraí san Oideachas* mar théama aige.

Thosaigh sí sa bhliain 1952, nuair a chuimhnigh Pádraig Ó hÍceadha, feirmeoir áitiúil, uirthi mar thionól seachtaine do Ghaeilgeoirí.

Beidh daoine ag tabhairt cainteanna i nGaeilge agus beidh mórán ceoil ann. Beidh Ann Mulqueen, amhránaí iomráiteach na nDéise,⁷ ag múineadh amhránaíocht ar an sean-nós agus beidh céilí ann gach oíche.

Tá breis eolais le fáil ag www.daonscoil.com.

Tuisil, séimhiú agus urú

Tá coiste ag scrúdú an Chaighdeán Oifigiúil agus aird acu ar an tuiseal⁸ ginideach agus ar iolra an ainmfhocail. Tá roinnt moltaí déanta acu agus tá an coiste ag iarraidh ar dhaoine a dtuairimí a chur isteach roimh 27 Lúnasa 2010.

Deir an tAire Pat Carey go bhféadfadh⁹ cuid de na moltaí a bheith radacach go leor ach gur mhaith leis díospóireacht mhacánta a bheith ann.

Tá cuid de na moltaí a rinneadh¹⁰ cheana le fáil anseo:

<http://www.pobail.ie/ie/Lar-AonadAistriuchain/AnCheadTreimhseComhairliuchain/>.

Clár na Leabhar Gaeilge

³ Dáileadh – was distributed

⁴ Oidí cúnta – teaching assistants

⁵ A thugtar – that is given

⁶ Moltar – it is recommended

⁷ Amhránaí iomráiteach na nDéise – the famous singer from the *Déise* (historically Cork and southern Tipperary)

⁸ Tuiseal ginideach – genitive case

⁹ Go bhféadadh – could be

¹⁰ Rinneadh – were made

Tá sé d'aidhm ag Clár na Leabhar Gaeilge scríbhneoireacht, foilsitheoireacht agus léitheoireacht na Gaeilge a chothú. Tá scéimeanna ann anois chuige,¹¹ agus cuidíonn¹² an Clár le Gradam Leabhar na Bliana a reachtáil. Tá baint ag an gClár freisin le comórtais liteartha.

Tá ceist ann: An dtéann é sin go léir ar sochar chun litríocht na Gaeilge?¹³ Tá líon na nGaeilgeoirí¹⁴ ag méadú sna cathracha, tá líon na scríbhneoirí ag méadú freisin, agus tá foilsitheoirí agus irisí ann. Tiocfaidh¹⁵ an litríocht gan chabhair ó scéimeanna.

Ní aon rud nua í pátrúnacht an stáit i gcúrsaí litríochta.¹⁶ Ach taispeánann an córas atá anois ann a laghad muiníne¹⁷ atá ag daoine i gcumas na Gaeilge agus cé chomh láidir¹⁸ is atá idé-eolaíocht sheanchaite na hAthbheochana.¹⁹

Is fiú athscrúdú a dhéanamh ar na háiseanna liteartha sin. Is dócha go ndéanfadh scríbhneoir maith gaisce ar aon chuma, beag beann ar²⁰ an gClár.

Na Gaeil i Londain: 1700-1900

Bhí Éireannaigh ina gcónaí i Londain chomh luath leis an mbliain 1640. Is cosúil go raibh na mílte ann faoi dheireadh an 18ú haois. Tá léargas²¹ air seo le fáil in *Lavengro*, úrscéal le George Borrow. Sasanach ba ea Borrow, scoláire, fánaí agus teangeolaí a rugadh sa bhliain 1803. Ba shaighdiúir é a athair agus théadh²² an teaghlach ó tír go tír. Tá cuid mhaith de shaol Borrow féin sa leabhar, agus tá cuntas²³ ann óna athair ar na cainteoirí Gaeilge a bhí ina gcónaí i gceantair bhochta Londain san 18ú haois – dream fiáin borb, dar leis. (Níor mhaith lena athair an teanga, ach thosaigh George á foghlaim.²⁴)

Faoi mbliain 1841 bhí 73,000 daoine i Londain a rugadh in Éirinn – 4% de phobal na cathrach. Thagadh a lán acu²⁵ mar spailpíní agus iad ag obair timpeall Londain. Bhí baint ag an gcuid is mó acu le Contae Chorcaí agus le Cúige Connacht, rud a d'fhágfadh²⁶ gur chainteoirí Gaeilge iad.

Ní théadh gach duine acu abhaile.²⁷ Uaireanta b'fhusa²⁸ fanacht i Londain ar feadh an gheimhridh, agus tháinig borradh faoi líon na nÉireannach sna ceantair ba bhoichte.²⁹ Tháinig mórán Éireannach chun Londain de bharr an Drochshaoil,³⁰ agus bhí neart cainteoirí Gaeilge ina measc: sa bhliain 1851 bhí timpeall 109,000 duine i Londain a rugadh in Éirinn.

Ba mhínic Éireannaigh ina mbacaigh agus faoi na 1850í bhí neart acu ina mangairí, ina sclábhaithe, ina bpóirtéirí, ina dtáilliúirí agus ina ngréasaithe.

¹¹ Chuige – for that purpose

¹² Cuidíonn (le) – helps (to)

¹³ An dtéann é sin go léir ar sochar don Ghaeilge? Does all that benefit literature in Irish?

¹⁴ Líon na nGaeilgeoirí – the number of (non-native) Irish speakers

¹⁵ Tiocfaidh – will come

¹⁶ I cúrsaí litríochta – in literary matters

¹⁷ A laghad muiníne – how little trust

¹⁸ Cé chomh láidir – how strong

¹⁹ Idé-eolaíocht sheanchaite na hAthbheochana – the worn-out ideology of the Gaelic Revival

²⁰ Beag beann ar – independently of

²¹ Léargas (ar) - insight

²² Théadh – used to go

²³ Cuntas – account, description of (ar)

²⁴ Á foghlaim – learning it

²⁵ Thagadh a lán acu – many used to come

²⁶ Rud a d'fhágfadh – which would indicate

²⁷ Ní théadh gach duine acu abhaile - not everyone used to go home

²⁸ B'fhusa – it was easier

²⁹ Na ceantair ba bhoichte – the poorest areas

³⁰ De bharr an Drochshaoil – because of the Famine

Sna 1860í bhí na Finíní agus an IRB (*Irish Republican Brotherhood*) i mbun comhcheilge³¹ i Londain. Chuir sin colg ar na Sasanaigh, ach bhí na hÉireannaigh agus a sliocht fite fuaite³² i saol na cathrach faoin am seo. Bhí meánaicme³³ Éireannach ann – polaiteoirí, iriseoirí, múinteoirí agus dochtúirí.

Bunaíodh craobh de Chonradh na Gaeilge i Londain sna 1890í, agus baint ag feidhmeannaigh³⁴ phoist, múinteoirí agus mionstátseirbhísigh³⁵ léi. Bhí 3,000 ball ag an gcraobh faoin mbliain 1906.

Bhíodh Pádraic Ó Conaire, scríbhneoir, ag obair i Londain, agus baint aige leis an gConradh.³⁶ I Londain a scríobh sé an t-úrscéal *Deoraíocht*, leabhar cáiliúil a bhfuil blas an nua-aoiseachais³⁷ air.

³¹ I mbun comhcheilge – engaged in conspiracy

³² Fite fuaite – an integral part

³³ Meánaicme – middle class

³⁴ Feidhmeannaigh - functionaries

³⁵ Mionstátseirbhísigh – minor civil servants

³⁶ Baint aige leis an gConradh – connected to the Gaelic League

³⁷ Blas an nua-aoiseachais – a modernist flavour